2025/701

8.4.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/701 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Aibrean 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2025/395 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/395 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]), agus go háirithe Airteagal 1, pointe (39) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2025/395, lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([2]) agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí – gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/395. De bhun Airteagal 1(39) de Rialachán (AE) 2025/395, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir glacadh gnímh cur chun feidhme ag an gComhairle.

(2) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 9 Aibreán 2025 maidir leis na heintitis uile a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/395,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na bearta a liostaítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 9 Aibreán 2025 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/395.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Aibreán 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BARANOWSKI

([1]) IO L, 2025/395, 24.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/395/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).